


COMHAD FÍRICÍ: GCSE GAEILGE

Comhthéacs 1



An Duine agus an tSochaí



Torthaí Foghlama

Beidh deiseanna agat:

- Staidéar a dhéanamh, tuiscint a fháil, anailís a dhéanamh, plé a dhéanamh, barúlacha a thabhairt agus eolas a léiriú ar do shaol féin agus ar an domhan thart ort;
- Cumarsáid éifeachtach agus chruthaitheach a dhéanamh i do chuid scríbhneoireachta agus do chuid cainte; agus
- Éisteacht le daoine ag caint ar na téamaí seo a leanas:
 - Mé féin
 - Saol na scoile; cúrsaí oideachais
 - Gaelscolaíocht agus dátheangachas
 - Saol an teaghlaigh
 - Caithimh aimsire.

Is comhthéacs leathan é seo ach seo cuid de na príomhphointí a chuideoidh leat staidéar a dhéanamh ar an topaic seo.

Mé Féin

- Cur síos a dhéanamh ort féin agus ar dhaoine eile.
- Tréithe pearsanta agus fisiceacha an duine.
- Daoine agus rudaí a imríonn tionchar ort.

Saol na scoile agus cúrsaí oideachais

- Ábhair scoile – roghanna GCSE agus A-leibhéal.
- Brú na scoile – piarbhrú.
- Buntáistí agus míbhuntáistí na scoile.
- Fadhbanna scoile.
- An difear idir an bhunscoil agus an mheánscoil – an scrúdú aistrithe – tábhacht na scrúduithe.
- Fiúntas na hollscoile – táillí ollscoille.

Gaelscolaíocht agus dátheangachas

- Buntáistí an ghaeloideachais.
- Forbairt agus dul chun cinn an ghaeloideachais.
- Fás na ngaelscoileanna.
- Áiseanna gaelscolaíochta.

Saol an Teaghlaigh

- Baill an teaghlaigh.
- Ról an teaghlaigh.
- Athruithe teaghlaigh – teaghlaigh an lae inniu agus fadó.
- Fadhbanna agus brúnna teaghlaigh.

Saol Sóisialta agus Caithimh Aimsire

- Suimeanna.
- Saol na ndaoine óga.
- Buntáistí a bhaineann le caithimh aimsire.
- Ceol agus spórt i saol na ndaoine óga.

Tá sé tábhachtach go n-ullmhaíonn tú go maith do na scrúduithe agus go mbíonn tú ag léamh agus ag scríobh i nGaeilge go minic ar na topaicí a bhaineann leis an chomhthéacs seo.

